☸An Lúibín☸

18 Márta 2014

Deireadh le maoiniú na meán

Tá Bord na Gaeilge, coimeádaí sparán na Gaeilge in Éirinn, tar éis a chur in iúl go bhfuil deireadh le cur leis an maoiniú atá á thabhairt do chuid mhór de na meáin scríofa Ghaeilge: na hirisí *Feasta*, *An tUltach*, agus *NósMag* agus na suímh Gaelport.com, Beo.ie agus Saol.ie. Críochnóidh an maoiniú ar 30 Meitheamh 2014.

Níl a fhios againn fós cén fáth a ndearnadh é seo (ós beag airgead a shábhálfaí dá bharr) ná cén scéim mhaoinithe eile atá le cur ar bun. Tháinig an iris liteartha *Comhar* slán: is é *Feasta* an iris liteartha eile, ach maítear uaireanta nach bhfuil gá le dhá iris Ghaeilge den saghas sin in Éirinn. Ní dócha go dtiocfadh eagarthóir *Feasta* leis an tuairim sin. Ní mór a chuimhneamh, áfach, nach iris amháin é *Comhar* ach comhlacht foilsitheoireachta chomh maith.

Ní raibh súil ar bith leis an gcinneadh seo. Pé locht atá ar na meáin úd tá éileamh orthu. Tá sé ráite ag Gaelport.com go bhfaigheann sé breis agus 1,000,000 amas in aghaidh na bliana agus go bhfuil 7,000 síntiúsóir cláraithe dá chuid ríomhirisí.

Tá bun leis an ráiteas a chuir eagarthóir *Feasta*, Pádraig Mac Fhearghusa, amach agus é á rá nach féidir iris liteartha nó staire a reáchtáil i nGaeilge nó i mBéarla gan mhaoiniú:

> Níl brabús le déanamh ar ghearrscéalta, filíocht agus léirmheasanna leabhar a chur i gcló, dá riachtanaí seirbhís dá leithéid. Is gá deontas.

♦❖♦❖♦❖♦

Á dtógáil le Gaeilge

Sa bhliain 2012 d'fhoilsigh Coiscéim *Thógamar le Gaeilge Iad* agus sraith alt le tuismitheoirí agus le hacadóirí ann i dtaobh na ndeacrachtaí agus na ndeiseanna a bhaineann le Gaeilgeoirí óga a thógáil.[1] Mar a deir an t-eagarthóir Brian Ó Broin, tá tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge ag neartú agus an oiread sin Gaeilgeoirí ina gcónaí sna cathracha, agus tá an Ghaeilge ag athrú go sciopta dá réir. Is beag fianaise atá ann go bhfuil an teanga ag fáil bháis dá bharr. Tá fianaise ann nach bhfuil tuismitheoirí le roinnt Gaeilge sásta an teanga a labhairt le daoine atá fíorlíofa, dar leo, ach cuireann buaine na Gaeilge nua uirbeach (nó 'Gaeilge lofa líofa' mar a thugtar uirthi) in iúl go bhfuil an teanga (nó leagan di) ag dul i neart ann.

Deir Muiris Ó Laoire go bhfuil an Ghaeltacht ag cúlú. Más ea, tá an Stát ag brath níos mó ná riamh ar an gcóras oideachas chun Gaeilgeoirí a sholáthar san am atá le teacht. Ach ní leor múineadh na teanga chun é seo a chinntiú, agus ní mór an teanga a úsáid i réimsí eile chun toradh an teagaisc a neartú. Deir Siobhan Grogan agus Mick Moriarty gur tír í Éire atá lán de dhaoine a shíleann nach bhfuil Gaeilge acu. I ndáiríre, tá Gaeilge go leor acu; ach ní úsáideann siad í. Déarfá, má tá an méid sin ratha ar an nGaeilge éigeantach, nach leor é chun Gaeilgeoirí a chothú.

Déantar talamh slán de gur ar na gaelscoileanna atá cleachtadh na teanga ag brath anois. Más fíor do Mhuireann Ní Mhóráin, áfach, ní oireann an tumoideachas do pháistí a labhraíonn Gaeilge sa bhaile mar nach dtéann sé ar

[1] Brian Ó Broin (eag.). *Thógamar le Gaeilge Iad*. Coiscéim 2012. Féach freisin http://www.academia.edu/1508194/Introduction_to_Thogamar_le_Gaeilge_Iad.

sochar dá gcuid Gaeilge. Pléann an taighde ar an tumoideachas 'tumadh sa dara teanga' ach ní luaitear tumoideachas sa chéad teanga. Ar dtús bíonn Béarlóirí i scoileanna lán-Ghaeilge ag labhairt teanga 'eadrána' ar cineál de phidsean í. Is tréimhse nádúrtha i gcleachtadh na teanga acu í, ach ar an drochuair bíonn na cainteoirí 'dúchais' ag déanamh aithrise ar an gcuid eile. Tagann feabhas ar chaint na coda eile le himeacht aimsire, ach ní dhéantar freastal ar leith ar na cainteoirí 'dúchais' agus uaireanta cuimhnítear orthu mar áiseanna teagaisc.

Deir Peadar Mac Fhlannchadha nach féidir leat clann a thógáil le Gaeilge in Éirinn gan a bheith i do ghníomhaí teanga agus tú ag éileamh cearta teanga ar Stát nach áil leis na cearta sin a sholáthar. Fiú sna ceantair Ghaeltachta is láidre ní hé go dtógtar clann le Gaeilge anois gan smaoineamh ar chor ar bith air. Caithfidh tuismitheoirí teanga an bhaile a roghnú go fiosach.

Ach fillimis ar an nGaeilge oifigiúil. Tá mórán ann a thiocfadh le píosa a scríobh Siobhan Daly do Intrigue.ie:[2]

> Certainly, when I studied Honours Irish for my Leaving Certificate, I ironically found myself more than capable of writing an answer about a story based on a woman stuck in a tree, yet unable to string a coherent sentence together.

Déanann sí áitiú a rinneadh go minic cheana. Is beag eolas atá ag mórán daltaí ar ghramadach na teanga, cé go mbíonn Gaeilge á foghlaim acu ón gcéad bhliain den bhunscoil amach. Ba chóir í a mhúineadh mar a mhúintear teangacha iasachta i dtíortha ar nós na Gearmáine: an Ghaeilge a mhúineadh trí Ghaeilge seachas trí Bhéarla.

Is minic a luaitear an teanga mar áis turasóireachta – cuid d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Maíonn Daly nach bhfuil baint ar bith ag an nGaeilge leis an bhfiche rud ba mhó ba dhíol spéise do thurasóirí sa bhliain 2013. Is mó an t-éileamh a bhí ar Aillte an Mhothair agus ar chluichí Gaelacha ná ar aon rud a bhain leis an teanga. Ní feidir a rá inniu go bhfuil ceangal idir an Ghaeilge agus 'féiniulacht' na nÉireannach. Tá blas éigin den fhírinne ar an méid sin: cuireann Éire í féin in iúl don saol mór trí Bhéarla amháin. Níl sa Ghaeilge ach cuid bheag de dúchas chomhaimseartha na hÉireann – an chuid is luachmhaire, dar le scata, ach í ina taisce fholaigh.

B'fhéidir, tar éis an tsaoil, gurb í an Ghaeilge an fíornasc idir Éire agus an Eoraip, má chuimhnímid ar scéal Aonghuis Uí Almhain, duine díobh siúd a scríobh ailt don leabhar. Tógadh é le Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus chaith tamall ag obair sa Ghearmáin, áit ar bhuail sé lena bhean chéile Uta agus ar rugadh beirt mhac dóibh. D'fhill siad ar Éirinn agus cuireadh na buachaillí ar scoil trí Ghaeilge. In Éirinn a rugadh a n-iníon. Gaeilge agus Gearmáinis a labhraítear sa bhaile.

♦❖♦❖❖♦❖♦

J.P. Mallory: **The Origins of the Irish**
Thames and Hudson 2013
ISBN 978-0-500-05175-7

Ollamh Emeritus le Seandalaíocht Réamhstairiúil in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste is ea J.P Mallory agus é ina bhall freisin d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Is eolaí é ar an gceangal idir seandálaíocht agus teangeolaíocht. Is éard atá aige sa leabhar seo 'a very unfashionable cultural historical approach to the archaeological record of a period of Ireland's existence which is clouded in obscurity'.

Tosaíonn an scéal chomh fada siar agus is féidir, le cruthú na Cruinne féin, agus téann ar aghaidh trí ilchríocha fáin agus athruithe aeráide go dtí go ndéantar oileán d'Éirinn. B'fhiagaithe agus cnuasaitheoirí Méisiliotacha na chéad daoine a tháinig i dtír agus bhí moill éigin orthu: níor tháinig siad go dtí timpeall 8000 RCh agus daoine ina gcónaí san Astráil, mar shampla, leis na mílte bliain roimhe sin. Bhí an t-oighear ag cúlú agus an fharraige ag éirí, agus is dócha gur tháinig na coilínigh ó ísleáin bháite in aice le hOileán Mhanann. Ní dócha go raibh níos mó ná 3,000 duine ina gcónaí in Éirinn. Bhí iasc agus plandaí ann lena gcothú ach is beag creach eile a bhí rompu. Timpeall an ama seo nocht an torc, ainmhí fiáin foraoise, agus meastar gur tugadh anall d'aonghnó é.

Is féidir talamh slán a dhéanamh de go mbíodh báid ag dul siar is aniar idir Éire agus na tíortha ba ghaire di. Timpeall 3800 RCh, sa ré Neoiliteach (4000-2500 RCh), tháinig an fheirmeoireacht, rud an-nua. Is dócha gur ón

[2] Siobhan Daly, 'Does the Irish language have a place in modern Irish society?' Intrigue.ie, 10 Deireadh Fómhair 2013: http://intrigue.ie/irish-language-place-modern-irish-society/

mBreatain a tháinig sí, rud atá le tuiscint as cosúlachtaí i gcúrsaí ailteoireachta, in uirlisí breochloiche, i gceirmigh, i dtuamaí agus i struchtúir dheasghnácha. I ndeireadh na ré tháinig an mhiotalóireacht isteach agus soithí maisiúla ceirmeacha in éineacht léi a dtugtar 'Eascraí Clogchruthacha' orthu. Nasc na heascraí seo Éire le gréasán a bhí le fáil sa chuid is mó d'iarthar agus de lár na hEorpa, agus is cosúil gur tháinig roinnt inimirceach i dtír dá bharr.

Bhí baint ag an mhiotalóireacht leis an gCré-Umhaois agus le teacht sainaicme laoch. Tógadh dúnta, rud a thabharfadh le fios go raibh daoine ón mBreatain ag cur fúthu ann; bhí cosúlachtaí deasghnácha ann. Lean an t-iarann an chré-umha timpeall 600 RCh agus stíl La Tône lena chois. Luaitear í siúd le Ceiltigh na Mór-Roinne, ach in Éirinn bhain sé le huasaicme an tuaiscirt amháin. De réir na fianaise ní de bharr ionraidh a tháinig Iarannaois agus La Tône isteach, ach bhí baint ag an scéal leis an dlúth-theagmháil idir Éire, an Bhreatain agus an Mhór-Roinn. Is léir go raibh Éire ag trádáil leis na críocha Rómhánacha san Iarannaois Dhéanach agus fiú go raibh áitriú Rómhánach in Éirinn. Tháinig an Chríostaíocht roimh Phádraig dá bharr.

Pléann Mallory an 'native version' den scéal freisin. Is é a thuairimse gur manaigh a chum an leagan oifigiúil d'áitriú na hÉireann, go ndearna siad é idir an 7ú haois agus an 11ú haois agus go raibh sé bunaithe ar chuntas an Bhíobla ar fhánaíocht na nGiúdach. Níl aon fhianaise iontaofa sa traidisiún a cheanglódh bunús na nGael leis an Ibéir (cé gur díol spéise í an fhianaise ghéiniteach). Sna traidisiúin is luaithe is é Donn, tiarna na marbh, sinsear na nGael.

Níl an fhianaise ghéiniteach féin cinnte. Admhaítear gurb é an bunús géiniteach is tábhachtaí atá ag na hÉireannaigh na línte ginealaigh fireanna agus baineanna a tháinig isteach san Eoraip i ndiaidh na hOighearaoise deireanaí. Is féidir a áitiú sa chéad chás de nach bhfuil aon fhianaise dheimhneach ann gur tháinig daoine isteach i ndiaidh na ré Neoilití nó, os a choinne sin, gur ón ré Neoiliteach amach a tháinig an líne ghinealaigh fhireann isteach. Ní mór, mar sin, níos mó tástála a dhéanamh ar an DNA is sine. Áitítear freisin gur as seanlimistéar dídine i ndeisceart na Fraince nó i dtuaisceart na hIbéire a fáisceadh an chuid is mó de ghéinte na nÉireannach.

Tá tábhacht le ceisteanna teanga maidir le féiniúlacht agus is dócha gur athraíodh teanga na tíre cúpla uair. Ní cosúil go raibh gaol ag teanga na gcoilíneach Méisiliotach ná ag teanga na chéad fheirmeoirí leis an nGaeilge. Is dócha gur tháinig an leagan is luaithe den Ghaeilge idir 1000 RCh agus an chéad aois RCh , agus tá fianaise ann go raibh treibheanna ann ag an am a raibh ainmneacha Ceilteacha orthu. Caithfidh sé go raibh buntáiste éigin ag an bPróta-Ghaeilge; is cosúil gur tháinig sí isteach ón mBreatain trína lán limistéar agus go raibh sí á húsáid ar dtús i bhfearainn thábhachtacha shóisialta a bhain le dúnta, le sainaicme laoch agus le lárionaid dheasghácha na hIarannaoise. Leathnaigh sí ina dhiaidh sin mar a dhéanfadh an Béarla níos déanaí.

Is féidir a rá go bhfuil baint ag cruthú na 'féiniúlachta Éireannaí' le cúig chúige na hÉireann (agus dlúthbhaint ag an gcúigiú ceann le Teamhair i gContae na Mí). Deir Mallory gur cosmeolaíocht chultúrtha é seo, rud idé-eolaíoch seachas rud polaitiúil, agus gur féidir a áitiú gur as an Iarannaois a fáisceadh í. Is féidir an méid sin a nascadh le teanga chomhchoiteann agus le forais chomhchoiteanna na haoise sin.

Tá a fhios ag Mallory gur casta an scéal é: 'The origins of the Irish is not a single question and one should not expect a single answer'. Tá a fhios aige go bhfuil bearnaí san fhianaise agus gur iomaí ciall is féidir a bhaint aisti. Tugann sé an míniú is creatúla dúinn, cé gur léir go bhféadfadh seandálaí teacht ar rud amárach a chuirfeadh cuma eile ar fad air. Tá an leabhar leagtha amach go slachtmhar agus achoimre i bhfoirm pointí le fáil i ndeireadh gach caibidil. Baineann Mallory feidhm as Niall Naoi-Ghiallach, laoch cáiliúil de chuid an 5ú haois, mar chomhartha ar an eolas a tháinig ag muintir na tíre orthu féin mar Éireannaigh. Faoin am a bhfuair sé bás bhí an dúchas daingnithe.

Is é an leabhar seo an cuntas is déanaí agus is fearr ar thoradh an taighde a rinneadh ar bhunús na nÉireannach. Leabhar don ghnáthléitheoir é agus é scríofa i stíl éasca sholéite.

♦❖♦❖♦❖♦

An Pholainn nua agus na Giúdaigh

Sa bhliain 1989 thug an scoláire Małgorzata Niezabitowska agus a fear céile, an grianghrafadóir Tomasz Tomaszewski, tuairisc ar Ghiúdaigh dheireanacha na Polainne don *National Geographic*.[3] Síleadh nach raibh ach timpeall 5,000 duine acu fágtha as an trí mhilliún Giúdach a bhí ann roimh an sléacht a rinneadh sa Dara Cogadh Domhanda: 'Polish Jews, the remnants, are mostly old, lonely, sick people'. Ba thuairisc choscrach í agus chuir na pictiúir an scéal i soiléire.

Ba mhacánta an cuntas é ag an am. Ach anois tá athbheochan ar siúl: tá Polannaigh, idir óg agus aosta, ag teacht arís ar an oighreacht Ghiúdach a bhí ceilte orthu, go háirithe i Várs agus in Kraków. Deir 25,000 Polannach gur Giúdaigh iad. Tá an Giúdachas á chur in iúl le féilte, cláir oideachais agus chreidimh agus taighde ginealaigh. Tá tacaíocht á tabhairt do shionagóga, do champaí agus do chlubanna, do chomhdhálacha, do lárionaid phobail agus do ghrúpaí staidéir. Tá éileamh ar ranganna Giúdaise agus Eabhraise. Tá turasanna oidhreachta ann agus tá a lán Giúdach ón iasacht ar lorg pasanna de chuid an AE chun cuairt a thabhairt ar thír a sinsear.

Ach tá an frith-Ghiúdachas beo sa Pholainn fós. Bhí cuid den fhuíoll a tháinig slán ón ár ina gCumannaigh i diaidh an chogaidh agus fonn orthu saol an phobail a fheabhsú. Chlis an aisling sin, agus sa bhliain 1968 chuir an rialtas purgú 'frith-Shíónach' ar siúl, rud a thug ar mhórán Giúdach dul thar sáile nó maireachtáil faoi cheilt. Déantar loitiméireacht ar reiligí Giúdacha fós agus fágtar graifítí frith-Ghiúdacha ar shionagóga. Cuirtear frith-Ghiúdachas in iúl ag chluichí sacair.

Dúirt staraí clúiteach Polannach nach mbeadh an tÁr Mór (an *Holocaust*) ann mura raibh na Giúdaigh féin páirteach ann. Tháinig conspóid de sin, agus tá léargas déanta anois ag staraithe eile ar an ár a rinne na Polannaigh féin ar a gcomharsana Giúdacha i rith an chogaidh. Díreach i ndiaidh an chogaidh bhí buíonta Polannach ag siúl na tíre fós ag marú Giúdach, agus chuaigh mórán acu siúd chun Iosrael nó chun na Stát dá bharr. Cé gurbh iad na Gearmánaigh a mharaigh an chuid is mó de Ghiúdaigh na Polainne, rinne Polannaigh a gcion féin. Sa bhliain 2001 d'fhoilsigh Jan Gross *Neighbors*, cuntas ar an ár a rinne na Polannaigh in Jedwabne ar a gcomharsana Giúdacha ar 10 Iúil 1941. Tharraing sin conspóid mhór, agus ansin d'fhoilsigh Jan Grabowski *Hunt for the Jews: Betrayal and Murder in German-Occupied Poland*.[4] Roghnaigh sé contae tuaithe in oirdheisceart na tíre, Dabrowa Tarnowska, toisc go raibh an oiread sin cáipéisí le fáil faoin scéal ann. Bhí 66,678 duine ann agus 4,807 Giúdach ina measc. Rinne na Gearmánaigh slad ann sa bhliain 1942. Chun fuíoll na nGiúdach a aimsiú sna sráidbhailte thairg siad siúcra nó seanéadaí a baineadh de Ghiúdaigh do chúntóirí áitiúla. Ghabh siad 'gialla' a d'áiteodh ar a gcomharsana cuidiú leo sa drochobair. I gceann tamaill tháinig taithí ag daoine ar an ngéarleanúint agus chuaigh Polainnaigh sa tóir ar Ghiúdaigh iad féin, á gcreachadh agus á marú. Bhí baint mhór ag an obair leis na póilíní tuaithe, dream a bhí ag obair faoi cheannas na nGearmánach agus a raibh eolas na háite acu. Is dóigh le Grabowski gur mheasa fós an marú a bhí ar siúl in oirthuaisceart na tíre.

Chuir an leagan Polainnise de leabhar Grabowski léitheoirí i gcoinne a chéile. Tá sé ráite ag Grabowski féin gur thug an rialtas Cumannach na scórtha chun trialach i ndiaidh an chogaidh as Giúdaigh a mharú, agus gurb iad na Polannaigh is líonmhaire i measc na ndaoine ar bronnadh gradam Fhíréin na Náisiún orthu de bharr Giúdaigh a shábháil. Deir sé freisin go bhfuil a lán déanta ag na Polannaigh an éagóir a chúiteamh; is fearr an Pholainn ar an dóigh sin ná an Úcráin agus na tíortha Báltacha, áiteanna eile a ndearnadh leatrom ar na Giúdaigh.

Tugann tuairisc de chuid an BBC léargas ar an scéal.[5] Tógadh Pawel Bramson mar Chaitliceach; sna nóchaidí bhí sé ina *skinhead*, bodach a raibh gráin aige féin agus ag a chairde ar Ghiúdaigh agus ar mhionlaigh eile. Ní raibh a fhios aige féin céard ba chúis leis an ngráin úd; ach bhí na sean-nathanna frith-ghiúdacha go léir acu agus gan aithne acu ar Ghiúdach ar bith. I gceann tamaill tháinig ciall éigin chuige; phós sé agus thosaigh a bhean chéile ag déanamh taighde ar a nginealach. Fuair sí amach gur de shliocht Giúdach í féin agus Pawel, rud a shuaith é. D'iompaigh a thuismitheoirí ina gCaitlicigh i bhfad roimhe sin agus gan fonn orthu anois iompú ar ais; ach chuaigh Pawel féin leis an nGiúdachas. Tá na mílte eile dá leithéid ann.

[3] 'Remnants: the last Jews of Poland' in *National Geographic*, Vol. 170, No. 3, September 1989.

[4] Grabowski, Jan. *Hunt for the Jews: Betrayal and Murder in German-Occupied Poland*. Indiana University Press 2013, ISBN-10: 0253010748, ISBN-13: 978-0253010742

[5] Adam Easto, 'Jewish life returns to Poland,' BBC News, Warsaw : http://www.bbc.co.uk/news/world-radio-and-tv-17741185

Tá Músaem Stair na nGiúdach Polannach ann anois. Mhaoinigh an Roinn Cultúir agus Oidhreachta Náisiúnta, Cathair Várs agus deontóirí príobháideacha costas na tógála, agus íocann an Stát as an gcuid is mó den chostas reatha. Tá lárionaid phobail Ghiúdacha ann agus daoine óga ag plódú isteach iontu. Tá Polannaigh neamh-Ghiúdacha ann a thugann aire do reiligí Giúdacha. Maireann cuid den tseanghráin aineolach, ach tá na Polannaigh eile úd ann – daoine a thuigeann cén tábhacht atá le dúchas na nGiúdach sa Pholainn.

Le léamh:

Alan Gill, 'Why Jewish life is thriving in today's Poland,' Fox News, 21 June 2013:
http://www.foxnews.com/opinion/2013/06/21/why-jewish-life-is-thriving-in-today-poland/

Liam Hoare, 'Poland's Jewish Revival Marred by Anti-Semitism of All Stripes,' Forward.com 7 November, 2013, issue of November 15, 2013,: http://forward.com/articles/187138/poland-s-jewish-revival-marred-by-anti-semitism/?p=all

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au**.**

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au **.**

J.P. Mallory: **The Origins of the Irish**
Thames and Hudson 2013
ISBN 978-0-500-05175-7

Tá J.P Mallory ina eolaí é ar an gceangal idir seandálaíocht agus teangeolaíocht. Admhaíonn sé gurb é atá le fáil sa leabhar seo 'a very unfashionable cultural historical approach to the archaeological record of a period of Ireland's existence which is clouded in obscurity'.

Fiagaithe agus cnuasaitheoirí Méisiliotacha[6] na daoine ba thúisce a bhain Éire amach. Tháinig siad timpeall 8000 BC. Bhí an t-oighear ag cúlú agus an fharraige ag éirí. Is dócha, mar sin, gur tháinig siad ó ísleáin a bhí á mbá[7] in aice le hOileán Mhanann.

Bhíodh báid ag dul siar is aniar idir Éire agus na tíortha ba ghaire di. Timpeall 3800 BC, sa ré Neoiliteach[8] (4000-2500 RCh), tháinig an fheirmeoireacht. Is dócha gur ón mBreatain a tháinig sí. Tharla athruithe eile freisin: bhí uirlisí nua ann, tuamaí nua agus lárionaid dheasghnácha[9] nua.

Timpeall 2500 tháinig an mhiotalóireacht. Tháinig soithí[10] nua freisin a dtugtar 'Eascraí Clogchruthacha'[11] orthu. Tá a leithéidí le fáil sa chuid is mó d'iarthar agus lár na hEorpa. Is cosúil, mar sin, gur tháinig roinnt inimirceach go dtí Éire.

Ba é seo tús na Cré-Umhaoise.[12] Bhí sainaicme laoch[13] ann freisin. Tógadh dúnta, rud a thabharfadh le fios go raibh daoine ón mBreatain ag cur fúthu in Éirinn. Timpeall 600 BC thosaigh an Iarannaois agus stíl La Têne lena chois. Luaitear an stíl sin le Ceiltigh na Mór-Roinne. Ba stíl í a bhain leis an uasaicme, ach in Éirinn ní raibh sí le fáil ach sa tuaiscirt.

Ní de bharr ionraidh a tháinig an Iarannaois.[14] Tháinig sí toisc go mbíodh dlúth-theagmháil idir Éire, an Bhreatain agus an Mhór-Roinn. Bhí Éire ag trádáil leis na críocha Rómhánacha, agus bhí áitriú[15] Rómhánach in Éirinn. Tháinig an Chríostaíocht dá bharr sular tháinig Naomh Pádraig.

Pléann Mallory an 'native version' de scéal na nÉireannach freisin. Is é a thuairimse gur manaigh a rinne an leagan oifigiúil d'áitriú na hÉireann agus gur bhunaigh siad ar scéal na nGiúdach sa Bhíobla é. Sna traidisiúin is luaithe is é Donn, tiarna na marbh, sinsear na nGael.

Taispeánann an fhianaise gur tháinig línte ginealaigh[16] fireanna agus baineanna na nÉireannach isteach ón Eoraip i ndiaidh na hOighearaoise.[17] Is féidir a áitiú nár tháinig daoine isteach i ndiaidh na ré Neoilití nó, os a choinne sin, gur ón ré Neoiliteach amach a tháinig an líne ghinealaigh fhireann isteach. Ní mór, mar sin, níos mó tástála a dhéanamh ar an DNA is sine. Áitítear freisin gur fáisceadh an chuid is mó de ghéinte na nÉireannach as seanlimistéar dídine i ndeisceart na Fraince nó i dtuaisceart na hIbéire.

Tá baint ag an teangeolaíocht le ceist na féiniúlachta.[18] Is dócha gur athraíodh teanga na tíre cúpla uair. Ní cosúil go raibh gaol ag an teanga Mhéisiliotach ná ag teanga na chéad fheirmeoirí leis an nGaeilge. Is dócha gur tháinig an leagan is luaithe den Ghaeilge idir 1000 BC agus an chéad aois BC. Bhí treibheanna in Éirinn ag an am a raibh ainmneacha Ceilteacha orthu. Caithfidh sé go raibh buntáiste éigin ag an nGaeilge. Is cosúil gur tháinig sí isteach ón mBreatain agus go raibh á húsáid ar dtús i bhfearainn thábhachtacha shóisialta.[19] Leathnaigh sí ina dhiaidh sin.

---

[6] Fiagaithe agus cnuasaitheoirí Méisiliotacha – Mesolithic hunter gatherers
[7] Á mbá – being drowned
[8] Neoiliteach - Neolithic
[9] Lárionaid dheasghnácha – ceremonial centres
[10] Soithí – vessels, containers
[11] Eascraí clogchruthacha – Bell(shaped) Beakers
[12] An Chré-Aois – an Bronze Age
[13] Sainaicme laoch – warrior class
[14] An iarannaois – the Iron Age
[15] Áitriú - settlement
[16] Línte ginealaigh – genealogical lines
[17] An Oighearaois – the Ice Age
[18] Ceist na féiniúlachta – the question of Identity
[19] I bhfearainn thábhachtacha shóisialta – in important social domains

Is dócha go raibh baint ag cruthú na féiniúlachta le cúig chúige na hÉireann. Deir Mallory gur cosmeolaíocht chultúrtha é seo agus gur féidir a rá gur as an Iarannaois a fáisceadh í.

Tá a fhios ag Mallory bearnaí san fhianaise. Tugann sé an míniú is dealraithí[20] dúinn. Tá an leabhar leagtha amach go slachtmhar agus tá achoimrí ann. Tá sé scríofa i stíl éasca sholéite.

An Pholainn nua agus na Giúdaigh

Sa bhliain 1989 thug an scoláire Małgorzata Niezabitowska agus a fear céile, an grianghrafadóir Tomasz Tomaszewski, tuairisc ar Ghiúdaigh dheireanacha na Polainne don *National Geographic.* Síleadh ag an am nach raibh ach timpeall 5,000 Giúdach fágtha sa Pholainn. Bhí os cionn trí mhilliún Giúdach ann roimh an Dara Cogadh Domhanda ach mharaigh na Gearmánaigh an chuid ba mhó acu.

Anois tá athbheochan ar siúl. Deir 25,000 Polannach gur Giúdaigh iad. Tá féilte, ranganna, clubanna agus lárionaid phobail acu.

Ach tá an frith-Ghiúdachas[21] beo sa Pholainn fós. Sa bhliain 1968 chuir an rialtas purgú[22] 'frith-Shiónach' ar bun. Dá bhrí sin d'fhág mórán Giúdach an tír nó lig siad orthu gur Chaitlicigh iad. Déantar loitiméireacht ar reiligí Giúdacha fós agus fágtar graifítí frith-Ghiúdacha ar shionagóga.

B'fhada dímheas ag Polannaigh Chaitlicigh ar na Giúdaigh. Sna daichidí bhí cuid acu ag marú Giúdach. Fiú i ndiaidh an chogaidh bhí Giúdaigh á marú. Chuaigh mórán Giúdach chun Iosrael nó chun Meiriceá. Bhí conspóid mhór ann sa bhliain 2001, nuair a d'fhoilsigh an staraí Jan Gross *Neighbors*, cuntas ar an ár[23] sin. Ansin d'fhoilsigh Jan Grabowski *Hunt for the Jews: Betrayal and Murder in German-Occupied Poland.* Roghnaigh sé contae tuaithe in oirdheisceart na tíre toisc go raibh an oiread sin cáipéisí ann a bhain leis an scéal. Thaispeáin sé conas a mharaigh Polannaigh an cheantair sin a gcomharsana Giúdacha. Bhí na póilíní áitiúla sáite san obair sin. Is dóigh le Grabowski gur mheasa fós an marú a rinneadh in oirthuaisceart na tíre.

Tá taobh eile ar an scéal. Deir Grabowski féin gur thug an rialtas Cumannach mórán Polannach chun trialach[24] i ndiaidh an chogaidh as Giúdaigh a mharú. Deir sé freisin gur thug mórán Polannach dídean do Ghiúdaigh. Anois tá Polannaigh ag iarraidh an éagóir a chúiteamh.[25] Is fearr an Pholainn ar an dóigh sin ná a lán tíortha a ndearnadh leatrom ar na Giúdaigh.

Tá Músaem Stair na nGiúdach Polannach ann anois agus é á maoiniú ag an Stát. Tá Polannaigh neamh-Ghiúdacha ann a thugann aire do reiligí Giúdacha. Tá cuid den ghráin ann fós, ach tá Polannaigh eile ann a thuigeann cén tábhacht atá le dúchas na nGiúdach sa Pholainn.

[20] An míniú is dealraithí – the most plausible explanation
[21] Frith-Ghiúdachas – anti-Semitism
[22] Purgú - purge
[23] Ár - slaughter
[24] Daoine a thabhairt chun trialach – to send people to trial
[25] Éagóir a chúiteamh – compensate for wrongdoing